

# TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

## MODÚL 1 - TRÁTH NA gCEIST

Is tráth na gceist ar líne í an ghníomhaíocht seo ina bhfuil 12 cheist ilrogha. Is féidir é a imirt sa seomra ranga nó leis an scoil trí chéile. Níl aon teorainn ar an líon rannpháirtithe. Rinneadh é leis an uirlis ar líne Kahoot.

MODHEOLAÍOCHT	FAD TRÉIMHSE	ÁBHAIR
Quiz ar líne	15 nóim	<ul style="list-style-type: none"><li>- <a href="#">An quiz ar líne</a></li><li>- Ríomhaire/ríomhaire glúine lárnach le nasc Idirlín agus teilgeoir</li><li>- Teastaíonn gléas ó gach mac léinn nó grúpaí mac léinn (fón cliste, táibléad, ríomhaire) atá nasctha leis an Idirlíon</li></ul>

## CUSPÓIRÍ AGUS INNIÚLACHTAÍ

### DEARCADH

- Tá spéis na ndaltaí san Eoraip múscailte. Tá fonn orthu níos mó a fhoghlaim faoin Aontas Eorpach.
- Tuigeann na daltaí an tábhacht a bhaineann le AE ina saol (laethúil).

### EOLAS

- Faigheann daltaí eolas ar roinnt fíricí bunúsacha faoin Aontas Eorpach.

## CÉIM AR CHÉIM

### SUÍOMH

Féadfaidh mic léinn an quiz a dhéanamh ina n-aonar nó mar bhaill foirne. Is féidir é seo a dhéanamh sa seomra ranga, nó is féidir é a dhéanamh le go leor mac léinn ag an am céanna sa chlós súgartha. Níl aon teorainn leis an líon rannpháirtithe a ghlacann páirt sa quiz ar líne.

Mar mhúinteoir, beidh an painéal lárnach á rialú agat le ceisteanna. Iarrtar ar gach mac léinn a bhfón cliste, táibléad nó ríomhaire a úsáid chun an quiz a imirt. Ar dtús, ní mór dóibh uimhir aitheantais an chluiche a iontráil chun an quiz a imirt, agus a n-ainm úsáideora ina dhiaidh sin. Má dhéantar é sin i

gceart, beidh a n-ainm le feiceáil ar an scáileán os a gcomhair.

*Tabhair faoi deara: Féadfaidh tú rogha a dhéanamh go mbeadh mic léinn ag imirt ina n-aonar nó mar bhaill foirne. Cuir in iúl ar an bpainéal rialaithe an mian leat 'Classic' nó 'Team mode' a úsáid. Féadfaidh tú an 'team mode' a roghnú mura bhfuil gléas ag na mic léinn ar fad.*



## PRÓISEAS

Fanann an múinteoir go mbeidh ainmneacha na mac léinn ar fad le feiceáil ar an scáileán. Ansin cuireann an múinteoir tús leis an quiz. Bíonn na ceisteanna le feiceáil ar an scáileán agus úsáideann na daltaí a ngléas chun na ceisteanna a fhreagairt. Bronntar pointí ar mhic léinn má tá na freagraí cearta tugtha acu agus bunaithe ar chomh tapa is a d'fhreagair siad an cheist. I ndiaidh gach ceist, tugtar aiseolas láithreach maidir leis an bhfreagra ceart agus na freagraí a thug na mic léinn (staitisticí gan ainmeacha a bheith luaite). Sa tslí seo, faigheann an múinteoir forléargas ar bhuneolas na ndaltaí.

## ROINNT LEIDEANNA

- Mura bhfuil Kahoot úsáidte agat riamh roimhe seo, moltar an quiz a thástáil roimh ré. Is uirlis furasta le húsáid é. Nuair a bheidh sé tástáilte agat, beidh lántuiscint agat ar an mbealach a oibríonn sé.
- Murar féidir leat an quiz seo a imirt ar líne mar nach bhfuil na háiseanna cuí ar fáil, féadfaidh tú na ceisteanna thíos a úsáid chun an quiz a dhéanamh ar an mbealach 'seanfhaiseanta'.

## INNEACHAR

Tá 12 cheist sa quiz. Tagraíonn gach ceist don inneachar sa chuid eile de 'An Europe@school'. Áirítear ann ceisteanna faoi fhíricí bunúsacha, saincheisteanna reatha agus na luachanna Eorpacha.

= an freagra ceart

CEIST	ROGHA 1	ROGHA 2	ROGHA 3	ROGHA 4
1. Cathain a chuaigh na chéad tíortha i gcomhar lena chéile chun comhar Eorpach, ar a dtugtar AE anois, a bhunú?	1930idí	1950idí	1970idí	1990idí
2. Cén ceann de na tíortha thíos NACH Ballstát de AE í?	An Bhulgáir	An Chipir	Lucsamburg	An Íoslainn
3. Cé mhéad saoránach atá ag cur fúthu in AE? (A bheag nó a mhór)	200 milliún	350 milliún	445 milliún	680 milliún
4. Cén coinníoll NACH ceanglas é chun a bheith i do Bhallstát de AE?	A bheith ina stát Críostaí	A bheith ina thír Eorpach	Meas ar chearta an duine	A bheith ina dhaonlathas cobhsaí
5. Cén institiúid Eorpach a thoghaimid go díreach?	Parlaimint na hEorpa	An Coimisiún Eorpach	Comhairle an Aontais Eorpaigh	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

6.	Cén uair a bheidh na chéad toghcháin Eorpacha eile ar siúl?	2024	2025	2026	2027
7.	An bhfuil arm ag AE?	Tá	Níl		
8.	In AE, ceadaítear pionós an bháis i roinnt tíortha fós.	Fíor	Bréagach		
9.	Cé acu de na fíricí seo a leanas NACH bhfuil mar thoradh ar reachtaíocht AE?	Níl aon táillí fánaíochta in AE	Ní féidir ach bolgáin solais ísealfhuinnimh a dhíol in AE	In 2017, rugadh 5.1 milliún leanbh in AE	Tá rabhaidh maidir le riosca sláinte le feiceáil ar phaiceid toitíní in AE
10.	Ciallaíonn comhaontú Schengen...	go bhfuil rochtain ag gach saoránach den Aontas ar a sonraí ar líne	gur féidir taisteal faoi shaoirse i limistéar Schengen	gur chóir do gach bia in AE a bheith sábháilte	
11.	Féadfaidh saoránaigh AE oibriú in aon Bhallstát faoi na coinníollacha céanna oibre le saoránaigh náisiúnta	Fíor	Bréagach		
12.	As na dídeanaithe ar fad ar domhan, cén céatadán a theith chun na hEorpa (2019, sonraí ó UNHCR)?	14%	27%	43%	67%

